SCÉIM SOGHLUAISTEACHTA NA STÁTSEIRBHÍSE
PRÍOMHOIFIGEACH

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

D'ainneoin théarmaí Scéim Soghluaisteachta na Státseirbhíse (an "Scéim") mar atá leagtha amach thíos, forchoimeádann an bhainistíocht an ceart chun baill foirne a bhogadh in imthosca eisceachtúla, lena n-áirítear chuig eagraíocht eile agus chun freastal ar riachtanais phráinneacha gnó de réir riachtanais na seirbhíse. Ar an gcéad dul síos, tá deiseanna soghluaisteachta faoi réir riachtanais gnó chun folúntas a líonadh.

Cuimsítear sa scéim gráid do Phríomhoifigeach (Ardscála agus Gnáthscála) agus gráid do Chomhairleoirí. Faoi láthair, ní áirítear gráid choibhéiseacha Ghairmiúla agus Theicniúla faoi láthair.

Déanfar na sonraí pearsanta go léir a athbhreithniú agus oiriúnacht á meas don tSoghluaisteacht faoin Scéim. Beidh sé sin teoranta don mhéid a theastaíonn chun d'oiriúnacht do Shoghluaisteacht a mheas, trí thagairt a dhéanamh do na critéir atá leagtha amach sna Téarmaí agus Coinníollacha. Caithfidh na hAcmhainní Daonna áitiúla leis an bhfaisnéis sin faoi rún agus cuirfear srian agus rialú ar rochtain de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.

GLUAIS TÉARMAÍ:

Incháilitheacht:	Na critéir a theastaíonn le go ndéanfaidh ball foirne iarratas ar Shoghluaisteacht.
Na hAcmhainní Daonna Áitiúla a ghlacann leis an iarratas:	Acmhainní Daonna Áitiúla na heagraíochta a bhfuil an ball foirne ag iarraidh bogadh chuici.
Na hAcmhainní Daonna Áitiúla a aistríonn an ball foirne:	Acmhainní Daonna Áitiúla eagraíocht reatha an bhaill foirne.
Eagraíocht Fógraíochta:	An eagraíocht ina bhfuil an post folamh a mheastar a bheith oiriúnach lena líonadh tríd an scéim.
Freastal Réasúnta:	Tagraíonn sé do na modhnuithe riachtanacha ag an obair chun a chur ar chumas ball foirne atá dearbhaithe a bheith faoi mhíchumas d'fhonn go bhféadfaidís páirt a ghlacadh san fhostaíocht agus dul chun cinn a dhéanamh san fhostaíocht agus taitneamh a bhaint as comhdheiseanna fostaíochta.
Crios Suímh:	Suíomh geografach soghluaisteachta mar a shainítear é faoi théarmaí na scéime. D'fhéadfadh go mbeadh roinnt

	áiteanna/bailte fearainn éagsúla ann.

SEICHEAMHÚ

1. Leanfaidh an Beartas Ath-imlonnaithe ag tabhairt tosaíochta do gach socrú eile chun poist fholmha a líonadh, lena n-áirítear Soghluaisteacht faoin scéim seo.
2. Glacfaidh eagraíochtaí seicheamh le 1 phost folamh as 6 cinn a líonadh. Ní ráthaíonn fógraíocht poist go líonfar é trí shoghluaisteacht agus ba cheart d'eagraíochtaí a machnamh a dhéanamh ar 1 amháin as gach 3 fholúntas a fhógairt d'fhonn an socrú seicheamhaithe sin a chomhlíonadh. Comhlíonfarl le líonadh poist tríd an scéim dliteanas Oscailte Príomh-Oifigigh.

PRÓISEAS:

3. Nuair a thagann folúntas chun cinn ar leibhéal an Phríomhoifigigh, ba cheart machnamh a dhéanamh an bhféadfaí é a líonadh go hiomchuí trí shoghluaisteacht.
4. Beidh na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Ghlacann leis an iarratas freagrach as an teimpléad fógraíochta (Aguisín 1) a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig csrecruitmentpolicy@per.gov.ie , Rannán Acmhainní Daonna na Státseirbhíse (RADSS), an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA), arb iad riarthóirí sealadacha na scéime iad.
5. Eiseoidh RADSS gach fógra(í) PO chuig na hAcmhainní Daonna Áitiúla i ngach eagraíocht státseirbhíse gach seachtain.
6. Ansin caithfidh na hAcmhainní Daonna Áitiúla fógra(í) a scaipeadh ar gach PO seirbhíse ginearálta ábhartha.
7. Ba chóir go mbeadh an dáta deiridh d'iarratais 2 sheachtain ar a laghad tar éis dháta fógraíochta an phoist. Nuair is gá is féidir leis na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Ghlacann leis an iarratas, iarratas a dhéanamh chuig RADSS chun an dáta deiridh a shíneadh.
8. Ní mór do bhaill foirne ar spéis leo an fhoirm iarratais (Aguisín 2) a chomhlánú, agus iarratas a dhéanamh go díreach chuig an eagraíocht fógraíochta – áireofar na sonraí teagmhála ar an bhfógra.
9. Nuair a bheidh an spriocdháta caite, tabharfaidh an eagraíocht fógraíochta faoi phróiseas roghnúcháin. D'fhéadfadh gearrliosta tosaigh iarratas a bheith san áireamh ansin chun a dhéanamh amach cé hiad na hiarratasóirí is fearr a chomhlíonann riachtanais an phoist atá á fhógairt. Ansin is féidir cuireadh a thabhairt d'iarratasóir(í) chuig cruinniú chun a gcuid scileanna agus a n-acmhainneacht chun riachtanais an phoist atá fógraithe a chomhlíonadh a phlé agus a iniúchadh.
10. Sa chás go roghnaítear iarratasóir, nó i gcás nach bhfuil aon iarratasóir oiriúnach ann, ba cheart do na hAcmhainní Daonna Áitiúla Fógraíochta toradh gach próisis a chur in iúl do gach iarratasóir.
11. I gcás nach bhfuil aon iarratasóir oiriúnach ann, tá an post le líonadh trí ghnáthshocruithe.
12. Sa chás go roghnaítear iarratasóir oiriúnach agus nuair a ghlacann sé nó sí leis an bpost atá

fógraithe, ní mór do na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Aistríonn an Ball Foirne an chúis aistrithe maidir leis an 'Scéim Soghluaisteachta' a roghnú/a chur isteach ar an bhfoirm aistrithe cibé acu is aistriú seachtrach nó inmheánach (go crios eile) é sin.

13. Ar chríochnú an phróisis, cuirfidh Acmhainní Daonna Áitiúla na heagraíochta fógraíochta tuarascáil ar thorthaí faoi bhráid Rannán Acmhainní Daonna na Státseirbhíse (Aguisín 3). Úsáidfear é sin chun críocha tuairiscithe agus athbhreithnithe.

PRÓISEAS INCHÁILITHEACHTA, MEASÚNAITHE MAIDIR LE hOIRIÚNACHT AGUS ACHOMHAIRC:

14. Níor chóir do bhall foirne iarratas a dhéanamh ar phost Soghluaisteachta ach amháin má bhaineann an méid a leanas leis nó léi:

    (a) 2 bhliain seirbhíse, nó níos mó, sa ghrád reatha;

    (b) 2 bhliain seirbhíse, nó níos mó, san eagraíocht reatha;

    (c) 2 bhliain seirbhíse, nó níos mó, sa suíomh geografach reatha;

    (d) rátáil CBFF/feidhmíochta atá 'Sásúil' don bhliain oibre roimhe sin; agus

    (e) d'éirigh leis nó léi a t(h)réimhse promhaidh a chríochnú i gcáil bhuan.

    Tá critéir bhreise ann a chaithfidh na hAcmhainní Daonna Áitiúla a chomhlánú, a leagtar amach i gclásal 15, chun a chinneadh an bhfuil iarratasóir oiriúnach don tSoghluaisteacht sula ndéanfar tairiscint, agus i gcás iarratasóra atá dearbhaithe a bheith faoi mhíchumas, ní mór an ceanglas maidir le héifeachtacht an fhreastail réasúnta nó éifeachtacht dhóchúil an fhreastail réasúnta a mheas.

15. Nuair a dhéanann na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Ghlacann leis an iarratas dul chun cinn leis an bpróiseas roghnúcháin rachaidh siad i dteagmháil leis na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Aistríonn an Ball Foirne a mbeidh sé de cheangal orthu Tuarascáil Oiriúnachta a chomhlánú maidir le hoiriúnacht reatha agus/nó cumas an iarratasóra le dul chun cinn a dhéanamh le haghaidh Soghluaisteachta faoi na critéir a leanas:

    a) Plean Feabhsúcháin Feidhmíochta (PFF) faoi Chiorclán 24/2016 nó ciorclán leasaithe dá éis sin;

    b) Rabhaidh agus/nó smachtbhannaí araíonachta faoi Chiorclán 19/2016 nó ciorclán leasaithe dá éis sin;

    c) Imscrúduithe foirmiúla faoi Chód Araíonachta na Státseirbhíse a bhféadfadh gníomh araíonachta a bheith mar thoradh air; agus

    d) Taifead Tinrimh.

    Is iad na hAcmhainní Daonna Áitiúla amháin a dhéanfaidh an t-iarratasóir a mheas faoi chritéir (a), (b) agus (c) thuas. Féadfaidh na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Ghlacann leis an iarratas agus na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Aistríonn an Ball Foirne araon an t-iarratasóir a mheas faoi chritéir (d) i gcásanna ina sáraíonn an t-iarratasóir na tairseacha neamhláithreachta treoirlíne agus ina measann na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Aistríonn an Ball Foirne an lascainiú a bheith oiriúnach. (Féach Tuarascáil Oiriúnachta - Nóta Treorach chun an Tuarascáil Oiriúnachta a Chomhlánú.)

16. **Measann na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Aistríonn an Ball Foirne é nó í a bheith oiriúnach:** Nuair a mheastar go bhfuil iarratasóir oiriúnach, measfar go bhfuil siad incháilithe agus cuirfidh na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Ghlacann leis an iarratas an t-iarratas chun cinn.

17. **Measann na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Aistríonn an Ball Foirne nach bhfuil sé nó sí oiriúnach (ar bhonn 15(a) - (c) nó ar an mbonn gur sáraíodh na leibhéil tairsí agus nach bhfuil lascainiú oiriúnach):** Sa chás go meastar go bhfuil iarratasóir mí-oiriúnach le haghaidh Soghluaisteachta ag an am seo measfar nach bhfuil a n-iarratas neamh-incháilithe agus ní dhéanfaidh na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Ghlacann leis an iarratas é a chur ar aghaidh.

18. **Measann na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Aistríonn an Ball Foirne go bhfuil sé nó sí oiriúnach, gur sáraíodh na leibhéil tairsí agus éilíonn na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Ghlacann leis an iarratas go ndéanfar athbhreithniú ar an gcás:** Nuair a mheastar go bhfuil iarratasóir 'oiriúnach don tSoghluaisteacht ag an am seo' ag na hAcmhainní Daonna áitiúla agus gur sáraíodh a leibhéil tairsí (15 (d)), déanfaidh na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Ghlacann leis an iarratas athbhreithniú ar an neamhláithreacht/na neamhláithreachtaí ábhartha. Déantar é sin chun a mheas an bhféadfadh go mbeadh freastal réasúnta ag teastáil (maidir le haon mhíchumas leanúnach) d'fhonn a mheas an bhfuil an Eagraíocht a Ghlacann leis an iarratas in ann an freastal réasúnta sin a sholáthar, i leith an iarratasóra.

19. **Meastar go bhfuil sé nó sí mí-oiriúnach tar éis athbhreithniú arna dhéanamh ag na hAcmhainní Daonna a Ghlacann leis an iarratas**: I gcás go measann an Eagraíocht a Ghlacann leis an iarratas go bhfuil iarratasóir mí-oiriúnach le haghaidh Soghluaisteachta ag an am seo de réir mhír 15(d), measfar go bhfuil a n-iarratas 'neamh-incháilithe' agus ní dhéanfaidh na hAcmhainní Daonna a Ghlacann leis an iarratas é a chur ar aghaidh.

20. **Meastar go bhfuil sé oiriúnach tar éis an athbhreithnithe arna dhéanamh ag na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Ghlacann leis an iarratas:** Nuair a mheastar go bhfuil iarratasóir oiriúnach tar éis an athbhreithnithe, measfar iad a bheith incháilithe agus déanfaidh na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Ghlacann leis an iarratas é a chur chun cinn

21. Nuair a ghlactar leis an tairiscint, tá dul chun cinn an aistrithe faoi réir measúnaithe ar aon riachtanais maidir le freastal réasúnta, agus/nó imréiteach grinnfhiosrúcháin slándála, agus/nó riachtanais na Gaeilge a chomhlíonadh (nuair is infheidhme).

22. **Measúnú ar chumas feidhmiúil an iarratasóra / freastal réasúnta ar an iarratasóir:** Is é beartas na Státseirbhíse iarracht a dhéanamh a chinntiú nach mbeidh baill foirne faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar a gcuid míchumais. Dá ndéanfaí aistriú buan go post eile faoin Scéim, sula ndéanfaí ábhair den sórt sin a mheas, d'fhéadfadh sé go mbainfeadh éifeacht neamhbheartaithe mar gheall air sin a chuirfeadh iarratasóirí atá dearbhaithe a bheith faoi mhíchumas faoi mhíbhuntáiste. Sa chás go n-aithníonn an t-iarratasóir go ndearnadh freastal réasúnta air nó uirthi, nó go bhféadfadh go mbeadh gá lena leithéid, is faoi na hAcmhainní Daonna a Ghlacann leis an iarratas atá sé an riachtanas sin maidir le freastal réasúnta air nó uirthi sa ról nua a mheas. Agus é sin á dhéanamh acu, breithneoidh Bainisteoirí Acmhainní Daonna a n-oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2015 maidir le freastal réasúnta ar dhaoine a sholáthar, ionas gur féidir le hiarratasóirí atá dearbhaithe a bheith faoi mhíchumas páirt a ghlacadh ina bhfostaíocht agus dul chun cinn a dhéanamh ina leith. D'fhéadfadh go gceanglófaí measúnú leighis agus/nó sainmheasúnú eile maidir leis sin i gcásanna áirithe.

    Ní thabharfar chun críche tairiscint fhoirmiúil Soghluaisteachta i leith iarratasóra atá dearbhaithe a bheith faoi mhíchumas ach amháin nuair is féidir freastal réasúnta air nó uirthi a sholáthar. Ní úsáidfear an próiseas measúnaithe mar bhealach chun bac a chur ar

ghluaiseacht faoin scéim Soghluaisteachta. Murar féidir leis an iarratasóir dualgais riachtanacha an róil nua a chomhlíonadh, fiú le freastal réasúnta air nó uirthi a sholáthar, nó dá gcuirfeadh freastal réasúnta air nó uirthi ualach díréireach ar an eagraíocht a ghlacann leis an iarratas, ní dhéanfar an t-iarratas ar Shoghluaisteacht a chur chun cinn.

23. Tá sé de cheart ag iarratasóir achomharc a thaisceadh i gcoinne cinneadh mí-oiriúnach i gcás inar sáraíodh a leibhéal/leibhéil tairsí (15 (d)). Ba cheart fógra faoi achomharc a chur isteach i scríbhinn chuig an mBainisteoir Acmhainní Daonna san eagraíocht a chinn an mhí-oiriúnacht. Ní mór an achomharc a bheith faighte tráth nach déanaí ná 5 lá oibre ón dáta a thabharfar fógra faoi neamhoiriúnacht.

24. Nuair a dhéantar achomharc a thaisceadh, coinneofar an post ábhartha ar oscailt ar feadh uasmhéid de 60 lá oibre ón dáta a thabharfar fógra faoi neamhoiriúnacht chun leanúnachas gnó a chinntiú. Tar éis 60 lá oibre, má tá an t-achomharc fós ar siúl agus mura bhfuil cinneadh déanta fós, féadfaidh na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Ghlacann leis an iarratas dul ar aghaidh leis an bpost a líonadh.

AISTRIÚ SOGHLUAISTEACHTA:

25. Beidh gach aistriú tríd an scéim buan, gan aon fhoráil chun filleadh ar an iar-ról/eagraíocht roimhe sin.

26. Tá oibleagáid ar an eagraíocht a aistríonn scaoileadh leis an mball foirne ar éirigh leis nó léi iarratas a dhéanamh faoin scéim Soghluaisteachta.

27. Féadfar infheistíocht a dhéanann an eagraíocht trí chlár oideachais fhoirmiúil nó sainoiliúint shuntasach a chur san áireamh agus uainiú gluaiseachta faoin scéim á chinneadh. Fanfaidh tairiscint na Soghluaisteachta i bhfeidhm, cé gur féidir an post a líonadh trí shocrú sealadach go dtí go scaoilfear leis an iarratasóir.

28. Glacann iarratasóirí leis nach bhfuil aon cheart uathoibríoch ann chun socruithe roghnacha oibre a dhéanamh e.g. Comhroinnt Oibre, Bliain Oibre Níos Giorra etc. Go ginearálta, is poist lánaimseartha a bheidh ann agus i bhformhór na gcásanna ceanglófar ar bhaill foirne a gcuid socruithe a athrú nuair a ghlacfar le gluaiseacht faoin Scéim, faoi réir riachtanais ghnó na heagraíochta a ghlacann leis an iarratas. Féadfaidh iarratasóir, áfach, iarratas a dhéanamh arís ar shocruithe den sórt sin de réir na bhforálacha reachtúla ábhartha nuair atá siad ar fáil san eagraíocht a ghlacann leis an iarratas.

29. Sa chás go mbaineann an t-iarratasóir leas as uaireanta oibre solúbtha (fleisc-am) glacann sé nó sí leis nach bhfuil sé sin ar fáil ach de réir shocruithe na heagraíochta a ghlacann leis an iarratas.

30. Bítear ag súil go mbogfaidh iarratasóir laistigh de thréimhse **20 lá oibre** ó dháta na tairisceana foirmiúla.

31. Bítear ag súil go n-éascóidh eagraíochtaí aistriú Soghluaisteachta laistigh de thréimhse **20 lá oibre** ó dháta na tairisceana foirmiúla. Aontóidh na trí pháirtí an dáta sin.

32. Nuair a ghlactar le tairiscint, tugann an t-iarratasóir gealltanas leis sin go gcomhlíonfaidh sé nó sí dualgais an róil nua, lena n-áirítear rannpháirtíocht in aon phróisis maidir le Foghlaim agus Forbairt, d'fhonn a bheith oilte sa ról nua ar an mbonn céanna leis na baill foirne atá ann cheana.

33. Coinneoidh baill foirne atá ag aistriú trí shoghluaisteacht chuig eagraíocht nua faoin scéim seo a seirbhís chun críocha sinsearachta.

34. Maidir le baill foirne a bhfuil ráta pá/íocaíocht acu as dualgais áirithe a chomhlíonadh, uaireanta os cionn ghnáthuaireanta na Státseirbhíse nó sealobair etc., agus a aistríonn tríd an scéim i gcás nach bhfuil feidhm ag na dualgais/dliteanais sin nó tosca eile a bhfuil siad iníoctha ina leith, ní choimeádfaidh siad an ráta pá/íocaíocht agus bogfar iad chuig scála pá ginearálta na Státseirbhíse bunaithe ar sheirbhís ináirithe.

35. Áireofar Grád an Chomhairleora, an Roinn Gnóthaí Eachtracha (RGE) sa scéim, chun ligean do Chomhairleoirí aistriú chuig poist mar Phríomhoifigeach, agus chun poist Chomhairleoirí a líonadh. Tá aon aistriú chuig poist an Chomhairleora faoi réir cheanglais RGE maidir le taisteal.

36. Coinneoidh aon Phríomhoifigeach (Ard) a aistreoidh faoin scéim an scála níos airde ar bhonn pearsanta go sealbhóir.

37. Ní íocfar tuarastal breise le haon Phríomhoifigeach (Gnáth), ar scála níos airde nó eile, i gcás go n-aistreoidh siad chuig poist sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, sa Roinn Airgeadais agus i Roinn an Taoisigh.

RIALACHAS

38. Tá Rannán Acmhainní Daonna na Státseirbhíse na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, freagrach as monatóireacht agus tuairisciú lárnach a dhéanamh ar chur chun feidhme scéim soghluaisteachta an Phríomhoifigigh.

39. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an scéim ar bhonn leanúnach, agus féadfar í a athbhreithniú má mheasann Rannán Acmhainní Daonna na Státseirbhíse, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Poiblí é a bheith riachtanach i gcomhairle le Bainisteoirí eagraíochtúla sna hAcmhainní Daonna agus Ceardchumainn na mBall Foirne. Ar ghlacadh le haon tairiscint a dhéanfar, rialóidh na Téarmaí agus Coinníollacha ar an dáta sin an t-aistriú.

Aguisín 1

SCÉIM SOGHLUAISTEACHTA NA STÁTSEIRBHÍSE

PRÍOMHOIFIGEACH

SONRAÍ FAOIN EAGRAÍOCHT AGUS FAOIN bPOST

Eagraíocht	
Rannán/Aonad:	
Seoladh:	
Crios Suímh Reatha: [féach liosta na gcriosanna anseo]	
Teideal an Phoist:	
Líon na mball foirne tuairiscithe:	

CUR SÍOS AR AN RÓL

Cur síos ar obair an Rannáin/an Aonaid:	
Príomhfhreagrachtaí an Róil:	

Riachtanais Éigeantacha don Ról:	
Riachtanais Inmhianaithe don Ról:	

IARRATAS

Sonraí teagmhála ríomhphoist:	
Spriocdháta:	

Aguisín 2

SCÉIM SOGHLUAISTEACHTA NA STÁTSEIRBHÍSE - PRÍOMHOIFIGEACH

FOIRM IARRATAIS

EOLAS PEARSANTA

Ainm:	
Post agus Rannán Reatha:	
Eagraíocht:	
Seoladh ríomhphoist:	
Crios Suímh Reatha: [féach liosta na gcriosanna anseo]	
Uimhir Fóin Póca:	
Uimhir oibre:	
Tá na T&Canna léite agam, agus is státseirbhíseach buan mé ar ghrád seirbhíse ginearálta:	

STAIR DO GHAIRMBHEATHA

Cuir do ghairmbheatha i láthair in ord croineolaíoch droim ar ais (na trí nó ceithre ról dheireanacha – déan arís é de réir mar is gá) ionas go mbeidh an ról is déanaí le feiceáil ar dtús.

Post:	
Eagraíocht:	
Dátaí ó – go:	
Líon agus grád na foirne tuairiscithe:	
Príomhfhreagrachtaí agus éachtaí:	

0-300 focal

SONRAÍ OIDEACHAIS

Tabhair sonraí i ngach aon chás:

- Teideal na cáilíochta (e.g. Tráchtáil, Dlí etc.)
- Leibhéal na cáilíochta (e.g. teastas, dioplóma, B.A., BSc, M.A., M.Sc., Ph.D.)
- Léiríonn príomhábhair (suas le 3 cinn) nó i gcás Máistreachta le tráchtas nó PhD, teideal an tráchtais
- An bhliain ar bronnadh an cháilíocht
- Institiúid agus Údarás Dámhachtana (más difriúil).

	Teideal	Leibhéal	Príomhábhair	Bliain an bhronnta	An Institiúid/an tÚdarás Dámhachtana
1					
2					
3					
4					

Leathnaigh an tábla de réir mar is gá.

SONRAÍ OILIÚNA

Sonraigh an oiliúint a fuair tú le deich mbliana anuas:

	Ainm an Chúrsa	Bliain	Institiúid
1			
2			
3			
4			

Leathnaigh an tábla de réir mar is gá.

RÁITEAS PEARSANTA CHUN TACÚ LE d'IARRATAS:

0-300 focal

Síniú:	
Dáta:	

COSAINT SONRAÍ AGUS RÚNDACHT

Coinneofar agus úsáidfear gach faisnéis phearsanta a chuirfidh tú isteach agus an doiciméad seo á chomhlánú agat chun críocha scéim Soghluaisteachta an Phríomhoifigigh amháin.

Caithfidh na hAcmhainní Daonna áitiúil leis an bhfaisnéis seo faoi rún agus cuirfear srian agus rialú ar rochtain de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Aguisín 3

SCÉIM SOGHLUAISTEACHTA NA STÁTSEIRBHÍSE

Príomhoifigeach

Tuarascáil le comhlánú ag na hAcmhainní Daonna Áitiúla a Fhógraíonn

SONRAÍ NA hEAGRAÍOCHTA AGUS AN PHOIST

Eagraíocht:	
Líon na n-iarratasóirí:	
An Post a Líonadh:	
An t-am a ghlac sé ó Fógraíodh é gur Roghnaíodh an duine:	
An t-am a ghlac sé ón tairiscint go dtí an t-aistriú Soghluaisteachta:	
Tabhair breac-chuntas ar aon dhúshláin lenar bhain:	
Moltaí chun an próiseas a fheabhsú:	

Síniú:	
Grád (AOF nó níos airde):	
Dáta:	